**AN tAONTAS EORPACH**

**PARLAIMINT NA hEORPA** **AN CHOMHAIRLE**

**An Bhruiséil, 20 Meán Fómhair 2017**
**(OR. en)**

**2016/0368 (COD)** **PE-CONS 44/17**

**TRANS 308**
**MAR 146**
**CODEC 1206**

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena n-aisghairtear, Rialachán (CE) Uimh. 2888/2000 agus Rialachán (CE) Uimh. 685/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 1101/89 ón gComhairle |

**RIALACHÁN (AE) 2017/...**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena n-aisghairtear, Rialachán (CE) Uimh. 2888/2000**
**agus Rialachán (CE) Uimh. 685/2001**
**ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**
**agus Rialachán (CEE) Uimh. 1101/89 ón gComhairle**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[2],

---

1 IO C 209, 30.6.2017, lch. 58.

2 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Meán Fómhair 2017 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an ….

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tá dearbhaithe ag Parlaimint na hEorpa, ag an gComhairle agus ag an gCoimisiún araon go bhfuil siad tiomanta dó an reachtaíocht atá sa Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr a nuashonrú agus a shimpliú[1].

(2) Chun líon an *acquis* a laghdú agus chun slacht a chur air, ní mór é a scrúdú go rialta le reachtaíocht atá imithe i léig a shainaithint. Is maith mar a fhónann sé reachtaíocht atá imithe i léig a aisghairm d'fhonn an creat dlíthiúil a choinneáil trédhearcach, soiléir agus so-inúsáidte do na Ballstáit agus do gheallsealbhóirí ábhartha eile, agus sa chás seo, d'earnálacha na n-uiscebhealaí intíre agus na dtarlaithe de bhóthar.

(3) I 1989, ghlac an Chomhairle Rialachán (CEE) Uimh. 1101/89[2.] Deich mbliana dá éis sin, ghlac an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh. 718/1999[3], chun a áirithiú go mbeadh fáil ar feadh an ama ag earnáil iompair na n-uiscebhealaí intíre ar na huirlisí iomchuí agus chun acmhainneacht cabhlaigh a bhainistiú. B'ionann ábhar do Rialachán (CE) Uimh 718/1999 . agus do Rialachán Uimh. (CEE) Uimh. 1101/89, ach nár aisghaireadh é.

---

1 IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

2 Rialachán (CEE) Uimh. 1101/89 ón gComhairle an 27 Aibreán 1989 maidir le leasuithe struchtúrtha a chur ar an iompar ar uiscebhealaí intíre (IO L 116, 28.4.1989, lch. 25).

3 Rialachán (CE) Uimh. 718/1999 ón gComhairle an 29 Márta 1999 maidir le beartas i ndáil le hacmhainneacht chabhlach an Chomhphobail chun iompar ar uiscebhealaí intíre a chur chun cinn (IO L 90, 2.4.1999, lch. 1).

(4) I gcomhréir le hAirteagal 8(6) den Chomhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le hiompar earraí agus paisinéirí d'iarnród agus de bhóthar[1], tá díolúine, ón 1 Eanáir 2005 i leith, i ndáil le socruithe cuóta nó údarúcháin ag gach feithicil a shásaíonn na caighdeáin theicniúla a leagtar amach i dTreoir 96/53/EC[2] ón gComhairle. Dá bhrí sin, is ceart a mheas go bhfuil Rialachán (CE) Uimh. 2888/2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] maidir le ceadanna a dháileadh ar fheithiclí earraí troma agus iad ag taisteal san Eilvéis, go bhfuil sé imithe i léig.

---

1 IO L 114, 30.4.2002, lch. 91.

2 Treoir 96/53/CE ón gComhairle an 25 Iúil 1996 lena leagtar síos toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus meáchan údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta le haghaidh feithiclí bóthair áirithe ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal (IO L 235, 17.9.1996, lch. 59).

3 Rialachán (AE) Uimh. 2888/2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le ceadanna a dháileadh ar fheithiclí earraí troma agus iad ag taisteal san Eilvéis (IO L 336, 30.12.2000, lch. 9).

(5) Tar éis aontachas Phoblacht na Bulgáire agus na Rómáine don Aontas an 1 Eanáir 2007, níl gá feasta le Rialachán (CE) Uimh. 685/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] mar nach gá do na Ballstáit sin údarú a fháil chun earraí a iompar de bhóthar ná chun an t-iompar comhcheangailte a chur chun cinn.

(6) Mar thoradh air sin, ba cheart Rialachán (CEE) Uimh. 1101/89, Rialachán (CE) Uimh. 2888/2000 agus Rialachán (CE) Uimh. 685/2001 ón gComhairle a leasú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

---

**1** Rialachán (CE) Uimh. 685/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Aibreán 2001 maidir le húdaruithe arna bhfáil sna Ballstáit de bhun na gComhaontuithe idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht na Bulgáire agus idir an Comhphobal Eorpach agus an Rómáin – lenar bunaíodh coinníollacha áirithe i dtaca le hearraí a iompar de bhóthar agus an t-iompar comhcheangailte a chur chun cinn – a dháileadh (IO L 108, 18.4.2001, lch. 1).

*Airteagal 1*

Aisghairtear leis seo Rialachán (CEE) Uimh. 1101/89, Rialachán (CE) Uimh. 2888/2000 agus Rialachán (CE) Uimh. 685/2001.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*